

Leasú 1

Angéline Furet, Julien Sanchez, Nikola Bartůšek
thar ceann an Ghrúpa PfE

Tuarascáil

A10-0019/2024

Matjaž Nemeč

Slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú: iarratas EGF/2024/002
BE/Limburg machinery and paper - an Bheilg
2024/0286(BUD)

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír 8

Tairiscint i gcomhair rúin

Leasú

8. á chur i bhfáth gur gá an tacaíocht a chuireann CED ar fáil a leabú i straitéis níos mó do na hoibrithe a ndéantar difear dóibh agus don réigiún, ar gach leibhéal polaitiúil, ***lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt d'ionstraimí cistiúcháin ábhartha an Aontais***, agus é mar aidhm leis a áirithiú nach bhféadfar aon duine ar lár ***sna haistrithe digiteacha agus aeráide***;

8. á chur i bhfáth gur gá an tacaíocht a chuireann CED ar fáil a leabú i straitéis níos mó do na hoibrithe a ndéantar difear dóibh agus don réigiún, ar gach leibhéal polaitiúil, agus é mar aidhm leis a áirithiú nach bhféadfar aon duine ar lár ***le linn na géarchéime eacnamaíche seo***;

Or. en

Leasú 2

Angéline Furet, Julien Sanchez, Nikola Bartůšek
thar ceann an Ghrúpa PfE

Tuarascáil**A10-0019/2024****Matjaž Nemeč**

Slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú: iarratas EGF/2024/002
BE/Limburg machinery and paper - an Bheilg
2024/0286(BUD)

Tairiscint i gcomhair rúin**Mír 13***Tairiscint i gcomhair rúin**Leasú*

13. á athdhearbhú nach **bhféadfaidh ranníocaíocht airgeadais** ó CED **teacht** in ionad gníomhaíochtaí **a bhfuil na cuideachtaí freagrach astu**, de bhua an dlí náisiúnta nó comhaontuithe **comhchoiteanna**, nó aon cheann de liúntais nó cearta oibrithe iomarcacha, chun breisíocht iomlán an leithdháilte a áirithiú; á mheabhrú nach mór do na Ballstáit a dhéanann iarratas ar thacaíocht chistiúcháin ó CED a áirithiú gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos **i ndlí** náisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna agus go ndearna an chuideachta lena mbaineann foráil dá hoibrithe dá réir sin;

13. á athdhearbhú nach **ceadmhach cúnaimh** ó CED **a chur** in ionad gníomhaíochtaí **atá mar fhreagracht ar chuideachtaí**, de bhua an dlí náisiúnta nó comhaontuithe **cómhargála**, nó aon cheann de liúntais nó cearta oibrithe iomarcacha, chun breisíocht iomlán an leithdháilte a áirithiú; á mheabhrú nach mór do na Ballstáit a dhéanann iarratas ar thacaíocht chistiúcháin ó CED a áirithiú gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos **sa dlí** náisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna agus go ndearna an chuideachta lena mbaineann foráil dá hoibrithe dá réir sin, **agus á chur i bhfios go láidir go mbeidh ar an gCoimisiún tuarascáil airgeadais agus cháilíochtúil a thíolacadh maidir le húsáid an chúnaimh sin;**

Or. en